Dara 'Lón Intinne' faoi scáth an Droch Shaoil, i Maigh Eo

Tá dara ócáid faoin téama 'Lón Intinne' ar siúl ar an Aoine (17.05.19) den deireadh seachtaine beag seo, a dhéanfaidh iniúchadh ar dhúshláin an lae inniu in Éirinn agus ar fud an domhain, go háirithe ó thaobh táirgeacht bídh, ach le súil ar an gcultúr freisin, agus sin go léir leis an nGorta Mór (An Drochshaol) mar chúlra acu.

Caint agus Comhrá faoi Theacht Aniar i gCúrsaí bia – Pobal, Gorta, Bia, Fuinneamh & Cultúr. Beidh seo ar siúl le linn an lae in ITnaGMH/GMIT, Caisleán an Bharraigh (11:00 go 17:00).

Tá sé mar sprioc ag an imeacht seo snáithe malairte a chur ar fáil trí Ghaeilge (chomh maith le Béarla) a dhéanfaidh iniúchadh ar an gcóras reatha, agus ar an gclaochlú a chaithfear a dhéanamh. Beidh fáilte ar leith roimh chainteoirí na teanga agus go háirithe roimh an bpobal áitiúil. Chomh maith le caint agus díospóireacht, beidh ceol láirneach san ócáid.

Chun díospóireacht a spreagadh beidh beirt aíchainteoirí i láthair:

Hanny van Deel urlabhraí den eagraíocht La Via Campesina

Michael McCaughan scíbhneoir – i measc a chuid leabhar tá ‘Coming Home: one man’s return to the Irish language

De réir **Seán Ó Conláin**, atá ag glacadh páirt san Lón Inntine: ''*Leis na hathraithe uafásacha atá i ndán dúinn amach anseo, beidh córas bídh iomlán nua uainn. Ach cheana féin tá samplaí agus ceannródaithe le feiscint ar fud an domhain. Tá ról láirneach ag cultúr agus ag an teanga san réiteach don ghéarchéim éiceolaíoch atá romhainn cé go dtugtar tábhacht eisiach le fás eacnamaíochta agus go háirithe an Olltáirgeacht Náisiúnta agus a innéacs. An féidir linn tarraingt níos mó as acmhainní ár ndúchais Ghaelaigh chun déileáil leis na dúshláin seo?*'

Tá dearcadh uathúil féin ag na comhpháirtithe (Feasta, Teacht Aniar, agus Afri) – ar ghnéithe ar leith de na dúshláin atá romhainn inniu, ina measc dlúthpháirtíocht leis an ngluaiseacht/bhfeachtas domhanda ar son cearta sóisialta, Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe na N.A. agus biafhlaitheas.

Beidh Siúlóid an Ghorta á reachtáil ag Afri idir Dúloch agus Cluain Cearbán ar an lá arna mhárach.

Eolas Breise:
Feasta: www.feasta.org
Nó, glaoigh ar Shéan Ó Conláin : +353 872448781 planxty@pm.me
Clárú: Eventbrite
Ócáid saor in aisce

Afri ACTION FROM IRELAND